

**Ábhar**

**Litríocht na Gaeilge**

**Téacsanna Léitheoireachta**

**Sleachta as:**

**An Teanga Eile Leath-Leis', Alan Titley, *Tar éis a Bháis, Aistí ar Sheán Ó Ríordáin*, Máiréad Ní Loingsigh, eag 2008**

**Comhar Feabhra 2009**

**Mícheál Ó Ruairc**

**(Le caoinchead ó na húdair).**

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d'fhonn is na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



An Mheitheal um Theagasc  
na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal

# Litríocht na Gaeilge

## Réamhobair

Beidh tú ag léamh dhá shliocht – ceann as alt a scríobh an tOllamh Alan Titley faoi litríocht na hÉireann / na Gaeilge agus ceann as alt a scríobh Mícheál Ó Ruairc san iris *Comhar* faoi leabhair Ghaeilge atá ar fáil sa siopa leabhar *Waterstones*.

Seo an chéad líne as an sliocht le hAlan Titley: ‘Sa saol poiblí liteartha in Éirinn tá an Ghaeilge múchta’. Bí ag obair le do ghrúpa chun pointí a fhorbairt d’alt gearr a mbeadh an teideal seo air.

## Léamh

Anois léigh na sleachta agus freagair na ceistanna in ‘feasacht teanga’ thíos.

### Sliocht 1

Sa saol poiblí liteartha in Éirinn tá an Ghaeilge múchta. Fág eisceachtaí suaithinseacha scolártha as an áireamh – agus ní ag caint orthu sin atáim – d’fhéadfá Éire a shiúl agus ar éigean go mbeadh a fhios agat go raibh litríocht na Gaeilge riamh ann. Gabh leat isteach go dtí na hionaid fáilte ar fud na tíre, go dtí na ceardsiopaí atá ar maos i leipreacháin agus fóda móna is bodhráin den uile dhath is mhéid, agus féach romhat ar na féilirí adeir ‘Writers of Ireland’ nó na leabhair bheaga ghlasa sheamrógacha a mbíonn ‘Irish Writers’ mar theideal orthu, agus tá a fhios agat cad a gheobhair: Dean Swift agus George Bernard Shaw agus Oscar Wilde agus Seán O’Casey agus John Millington Synge agus W.B. Yeats agus W.B. Yeats agus W.B. Yeats. Agus má tá Brendan Behan ina measc anois is arís, is de thoisic gur ól sé piontaí seachas gur thál sé filíocht Ghaeilge: is é *The Hostage* é i leaba *An Giall*. Agus má tá Flann O’Brien ann, níl aon trácht ar Bhrian Ó Nualláin.

D’fhéadfá Éire a shiúl ó Cheann Málanna go Carn Uí Néid agus mura mbeifeá géarshúileach agus tú a bheith id phúca léannta ní theangmhódh comhartha ná plaic ná leacht a thabharfadh le fios gurbh ann dúinn tráth, agus gurb ann fós dúinn. An t-aon dealbh a bhíodh ann de scríbhneoir Gaeilge, an dealbh de Phádraic Ó Conaire ar an gcearnóg i nGaillimh, baineadh anuas é, agus ní toisc gur shíl na turasóirí gur leipreachán eile a bhí ann. Tugtar turas ar Chluain Mhic Nóis agus ní bheadh sé iontach soiléir gurbh ann a scríobhadh cuid de sheoda na Gaeilge is na hÉireann. Ní bheadh a fhios agat go raibh ceann de na dámhscoileanna ba shaibhre sa Mhumhain sa Bhlárnain, is dá mhéid uaireanta is a phógfá an chloch, ní déarfá leat é.

### Sliocht 2

Istigh i siopa leabhar *Waterstones* i gCorcaigh inniu. Ar ndóigh, theipfeadh glan ar Sherlock Holmes féin a leithéid de rud agus leabhar Gaeilge a aimsiú san áit. Mar

sin féin tá polasaí dátheangach curtha i bhfeidhm maidir le rangú na leabhar. Seo a leanas roinnt samplaí den rangú seo: *Dictionaries* – ‘Foclir’; *Foreign Languages* – ‘Teangacha Tíortha’; *True Crime* – ‘Coir Ceart’; *Irish Biography* – ‘Beathaisnéis Gaelach’; *Art* – ‘Ealaine’; *Politics* – ‘Polaitíocht’. Agus mise mar mhúinteoir páirtaimseartha Gaeilge ag cothú naimhdis i measc na n-óg ag iarraidh rialacha gramadaí a mhúineadh dóibh!

## Feasacht Teanga

### Sliocht 1

1. Féach ar na focail thíos as an téacs agus na focail eile atá cosúil leo ó thaobh litrithe nó fuaimnithe de. Léirigh an difríocht eatarthu trí iad a chur in abairtí.

litearthacht	litríocht			
poiblí	pobail			
siúl	ar siúl	ar shiúl	siúil	súil
ar éigean	éigin			

2. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar na haidiachtaí sa sampla seo as an téacs: ‘leabhair bheaga ghlasa sheamrógacha’?
3. Cén aimsir atá i gceist le gach briathar i sliocht 1?
4. ‘Tá a fhios agat cad a gheobhair’. Cén fhoirm den bhriathar atá i gceist anseo? Cén leide a thugann sé duit faoi chanúint an scríbhneora?

### Sliocht 2

5. Féach ar an aistriúchán atá déanta ar na leabhair i *Waterstones*. An féidir leat féin agus an duine in aice leat feabhas a chur ar an aistriúchán? Cad iad na hacmhainní a mbainfeadh sibh úsáid astu chun na haistriúcháin a bheith cruinn ceart?

## Iarobair

### Plé

- An aontaíonn tú leis an méid atá á rá ag Alan Tittley: ‘d’fhéadfá Éire a shiúl agus ar éigean go mbeadh a fhios agat go raibh litríocht na Gaeilge riamh ann’?
- Cad a cheapann tú de na ceardsiopaí a luann Alan Tittley lena ‘leipreacháin agus fóda móna is bodhráin den uile dhath is mhéid’? An léargas maith iad ar Éirinn?
- Má bhí tú riamh thar lear cén dearcadh a bhí ag na daoine a bhuail leat ar an tír seo?

- An raibh mórán teagmhála agat go dtí seo le turasóirí a thagann go hÉirinn (i do phost páirtaimseartha, cuir i gcás)? Má bhí, cad iad na rudaí a mbíonn spéis acu iontu, dar leat?
- Cad iad na scríbhneoirí Gaeilge atá léite agat go dtí seo agus cé acu is mó a thaitin leat?

### Tascanna

- Beidh tú ag obair i ngrúpa. Caithfidh sibh pointí a fhorbairt d’alt dar teideal ‘Éire: tá níos mó anseo ná leipreacháin, tá a fhios agat!’ le cur in iris thurasóireachta. Ansin déanfaidh sibh cur i láthair faoi bhur n-alt. Tar éis an chur i láthair déanaigí plé ar an gcur i láthair is mó a thaitin libh ó na grúpaí eile sa rang.  
nó
- Beidh tú ag glacadh páirte i ndíospóireacht dar teideal ‘Litríocht na Gaeilge – níor cheart í a bheith mar chuid den chéim sa Ghaeilge!’ Ullmhaigh pointí i bhfabhar nó i gcoinne na hargóna leis an duine in aice leat agus ansin déanaigí an díospóireacht le beirt eile a bhfuil an taobh eile den argóint réitithe acu.
- Féach ar an suíomh gréasáin [www.scribhneoirioga.blogspot.com](http://www.scribhneoirioga.blogspot.com) agus scríobh píosa gearr a dhéanfadh cur síos ar an suíomh.  
nó
- Bhí alt ar *The Irish Times* ar an 12 Eanáir 2009 faoi scríbhneoirí óga na Gaeilge. Léigh an t-alt agus scríobh léirmheas air.

### Eolas

Tá cur síos ar scríbhneoirí na Gaeilge ar an suíomh gréasáin [www.coislife.ie](http://www.coislife.ie)